

Dámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta 2017

le haghaidh gníomhaíochtaí dar túis an 1 Eanáir 2017 nó ina dhiaidh sin Treoirlínte d'iaratasóirí

Spriocdháta: 5.30pm, Déardaoin, an 18 Lúnasa 2016

Dámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta: seicliosta iarratais

Úsáid na seicliostaí thíos chun a chinntíú go bhfuil d'iaratas ar Dhámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta comhlánaithe go hiomlán.

Míreanna atá éigeantach i gcás gach iarratais (seiceáil gach ceann de na míreanna seo)

- Tá gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann le m'iarratas/mo thogra comhlánaithe agam.
- Tá CVanna cothrom le dáta ullmhaithe agam i dtaoibh an phríomhphearsanra go léir a bhfuil baint acu leis an iarratas, agus tá siad sin réidh le huaslódáil agam.
- Tá samplaí den saothar atá déanta agam cheana féin atá ábhartha maidir le m'iarratas i mo thuairim ullmhaithe agam, agus tá siad réidh le huaslódáil.
- D'ullmhaigh mé buiséad mionsonraithe ina leagtar amach an t-ioncam agus an caiteachas a bheartaítear don tionscadal, agus tá sé sin réidh le huaslódáil agam.

Míreanna atá éigeantach i gcás iarratais áirithe (seiceáil iad siúd a bhaineann le d'iarratas)

- Tá obair le leanáí nó le daoine óga faoi ocht mbliana déag d'aois, nó saothar a chur i láthair an aoisghrúpa seo, i gceist le mo thogra, agus tá cóip den cháipéis *Beartas um Chosaint agus Leas Leanáí* de mo chuidse nó de chuid m'eagraíochta curtha isteach agam leis an iarratas seo. Agus an beartas seo á chur isteach agam, deimhním gur forbraíodh é i gcomhar le *Tús Áite do Leanáí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanáí* agus go dtagann sé leis na prionsabail atá ansin. Tabhair cuairt ar www.tusla.ie
- Tá obair le hainmhithe i gceist mar chuid de mo thogra, agus tá cóip de cháipéis *Beartais agus Nósanna Imeachta um Chosaint agus Leas Ainmhithe* de mo chuidse nó de chuid m'eagraíochta curtha isteach agam.
- Tá tagairt déanta agam i mbuiséad an tionscadail do thacaíocht airgeadais nó d'urraíocht ó dhaoine aonair nó ó eagraíochtaí. Tá fianaise ar thacaíocht agam i gcás gach ceann acu sin (mar mheabhrán tuisceana, litir thairisceana, ráiteas tacaíochta, nó a leithéid de cháipéis) atá réidh le huaslódáil.
- Tá eagraíochtaí ar compháiritithe iad bainteach le mo thionscadal beartaithe, agus tá mé tar éis litir/cáipéis thacaíochta a uaslódáil le haghaidh gach ceann díobh.

Míreanna eile atá ábhartha do m'iarratas, dar liom (seiceáil iad siúd a bhaineann le d'iarratas)

- Braitheann mo thogra ar shaineolas daoine nó eagraíochtaí ainmnithe eile, agus tá cáipéis ina sonraítear na daoine sin agus a gcuid saineolais réidh le huaslódáil agam.

An dara tuairim (seiceáil an mhír seo)

- D'iarr mé ar dhuine éigin eile m'iarratas a sheiceáil chun a chinntíú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraigdh.

Cabhair a fháil le d'iarratas

- Má tá ceist theicniúil agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@arts council.ie.
- Tá freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis na seirbhísí ar líne a úsáid ar fáil sa rannán Ceisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaón ag: <http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/>.
- Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: <http://www.youtube.com/artscouncildemos>.
- Má bhíonn cabhair uait maidir le hinneachar d'iarratais, cuir glao ar an gComhairle Ealaón ag 01 6180200 nó cuir ríomhphost chuig awards@arts council.ie.
- Déanann an Chomhairle Ealaón gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo iarratas a chur isteach nó a bhfuil deacrachtá acu teacht ar Sheirbhísí ar Líne. Má tá riachtanas agat sa réimse sin, déan teagmháil le Adrienne Martin, Oifigeach Rochtana na Comhairle Ealaón, ar an nguthán (01 6180219) nó trí ríomhphost (adrienne.martin@arts council.ie) trí seachtaine ar a laghad roimh an spriocdháta.

1. Maidir leis an Dámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta

1.1 An spriocdháta chun iarratais a chur isteach

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaón.

Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas:

5.30pm, Déardaoin, an 18 Lúnasa 2016

1.2 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Tacaíonn an Dámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta le tionscnaimh cleachtóirí gairmiúla i réimse na ceoldrámaíochta a gcuirfear túis leo sa chéad leath de 2017. Tá sé i gceist go dtabharfaí tacaíocht d'fhorbairt agus/nó do léiriú saothair nua leis an dámhachtain sin, ar scála beag thar dhá shraith oibre.

Sraith 1: Forbairt na Ceoldrámaíochta

Is é is cuspóir le sraith Forbartha na Ceoldrámaíochta ná forbairt tuairimí i gcomhair saothar nua a éascú i gcomhthéacs comhoibríoch. I sraith seo na dámhachtana, tá an bhéim ar nuáil agus ar thurgnamhacht. Tá sé i gceist go dtabharfaí tacaíocht d'ealaíontóirí agus d'fhoirne cruthaitheacha leis an dámhachtain seo chun smaointe nua a fhorbairt thar thréimhse ama gan an riachtanas toradh a gcuid oibre a chur i láthair lucht féachana go foirmiúil.

Tabharfar túis áite do thionscadail lena mbaineann an méid seo a leanas:

- Díritear ar smaointe nua a fhorbairt trí nuálaíocht agus trí thriail
- Léiritear fócas ar chineálacha éagsúla comhoibrithe
- Deiseanna forbartha suntasacha a chur ar fáil do chleachtóirí
- Cuirtear fianaise ar fáil go bhfuil ardchaighdeán ealaíonta ag baint leis an togra. Cuirfear cuntas teiste na bpriomhealaíontóirí san áireamh.

Sraith 2: Cur i Láthair na Ceoldrámaíochta

Is é is cuspóir leis an tsraith a bhaineann le Cur i Láthair na Ceoldrámaíochta ná éascú a dhéanamh do chur i láthair saothar nua, nuálach, turgnamhach a chruthaítear i gcomhthéacs comhoibríoch trína gcuirtear taithí uathúil nó shainiúil ceoldrámaíochta ar fáil do chleachtóirí agus don lucht féachana.

Ní mór d'iarratasóirí faoin tsraith a bhaineann le Cur i Láthair na Ceoldrámaíochta a bheith ábalta a chur in iúl go soiléir go bhfuil an tionscadal indéanta ar bhonn tiomantais ó léiritheoir sainiolte, amhail compántas léiriúcháin, amharclann/ionad, féile sheanbhunaithe agus/nó eagraíocht ealaón eile.

Tabharfar túis áite do thograí:

- A chuireann ceoldrámaíocht nua a chur i láthair
- A dhíríonn ar cheoldrámaíocht a chur i láthair lucht féachana nua nó ar fhorbairt a dhéanamh ar na slite ina gcuirtear an cheoldrámaíocht i láthair daoine
- A thugann fianaise gur féidir an tionscadal a chur i gcrích go rathúil – le rannchuidiú comhpháirtíochtaí breislacha, mar shampla
- Atá ina dtionscadail ealaíonta ardchaighdeáin ina léirítear cur chuige láidir samhailteach. Cuirfear cuntas teiste na bpríomhealaíontóirí san áireamh.

Tá straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–2025), *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* (féach seo: <http://www.artscouncil.ie/straiteis-na-comhairle-ealaion/>) mar bhonn agus taca le gach dámhachtain.

1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an dámhachtain oscailte do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí atá ag obair sa cheoldrámaíocht. Le bheith i dteideal iarratas a dhéanamh, ní mór d'iarratasóirí na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- A bheith ina gcónaitheoirí de chuid Phoblacht na hÉireann. Bíonn cásanna eisceachtaí ann nuair a ghlacann an Chomhairle Ealaíon le hiarratais inchálithe ó dhaoine nach cónaitheoirí de chuid Phoblacht na hÉireann iad. Sula n-admhódh an Chomhairle Ealaíon go bhfuil iarratas den sórt sin inchálithe, áfach, bheadh ar an gComhairle a bheith sásta go gcuirfeadh tortháí togra den sórt sin leis na healaíona i bPoblacht na hÉireann.
- Gan a bheith ag fáil maoiniú faoi chlárí dheontais athfhillteacha ar bith de chuid na Comhairle Ealaíon.

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta don chothromas agus don chuimsíú agus fáiltíonn siad roimh iarratais ó dhaoine nó ó ghrúpaí ó phobail ina bhfuil cultúr éagsúla agus ó dhaoine faoi mhíchumas.

Cé nach bhfuil eagraíochtaí a fhaigheann cúnamh deontais (Eagraíochtaí a Mhaoinitear go Rialta, Maoiniú Bláintúil, Deontais do Chláir Bhláintúla) i dteideal iarratas a dhéanamh, táthar ag súil go bhféadfadh eagraíochtaí maoinithe a bhfuil sé de chumas acu ceoldrámaíocht a chur i láthair mar chuid de chlár níos leithne (e.g. compántais cheoldrámaíochta, ionaid agus féilte) ról a bheith acu ag tacú le hiarratasóirí nó a bheith ina gcomhpháirtithe leo don tsraith den dámhachtain a bhaineann le Cur i Láthair na Ceoldrámaíochta (agus d'fhéadfadh ról a bheith acu freisin sa tsraith a bhaineann le Forbairt na Ceoldrámaíochta). I gcásanna den chineál sin, ní mór don iarratasóir a léiriú go bhfuil an tacaíocht atá á tariscint agus ról beartaithe na heagraíochta atá maoinithe sa bhereis ar na gníomhaíochtaí dá bhfuil maoiniú lárnach faigte ag an eagraíocht, agus deighilte uathu.

Cé hé an t-iarratasóir?

Is ionann an t-iarratasóir agus an duine nó an eagraíocht a gheobhaidh aon deontas a thairgfear agus a bheidh freagrach as glacadh le téarmaí agus le coinniollacha an deontais sin.

Iarratais atá á n-ullmhú nó á gcur isteach ag gníomhairí, ag bainisteoirí, ag cuideachtaí bainistíochta nó ag sainchomhairleoirí thar ceann ealaíontóirí nó eagraíochtaí ealaíon, ba chóir iad a bheith á gcur isteach ag an ealaíontóir/na healaíontóirí, ag an taibheoir/na taibheoirí nó ag an eagraíochtaí/na heagraíochtaí lena mbaineann.

Ní íocfar aon deontas a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá in ainm an iarratasóra.

Ní mór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm an iarratasóra (ealaíontóir aonair nó eagraíochta ealaíon). Mar shampla, má dhéanann tú iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú faoin ainm Máire de Barra, níor mhór go mbeadh gach cáipéis, lena n-áirítear sonraí bainc agus sonraí cánach, san ainm sin. Ní ghlacfar le leaganacha malartacha amhail Mary Barry nó Barry Studios.

1.4 Cé nach bhfuil inchálithe chun iarratas a dhéanamh?

Airítear leo seo a leanas na daoine nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh:

- Eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú faoi aon cheann de phríomhchláir maoinithe na Comhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinitear Go Rialta, Maoiniú Bláintúil, Deontas le haghaidh Clár Bláintúil)
- Daoine aonair nó eagraíochtaí nach bhfuil cuntas teiste inléirithe mar ealaíontóirí ná eagraíochtaí gairmiúla acu
- Daoine atá i mbun oideachas fochéime nó iarchéime faoi láthair nó a bheidh ina bhun le linn na tréimhse a bhfuil an dámhachtain seo ar fáil.

1.5 Cad is féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Tá dhá banda maoinithe ar fáil a bhaineann leis an dá shraith den Dámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta:

- Sraith 1: Forbairt na Ceoldrámaíochta: Suimeanna suas go huasmhéid €20,000
- Sraith 2: Cur i Láthair na Ceoldrámaíochta: Suimeanna suas go huasmhéid €70,000.

Tabhair faoi deara nach mbronnfar uasmhéideanna den chineál sin ach i gcásanna eisceachtúla.

Agus tú ag déanamh iarratais, ba chóir duit an maoiniú atá tú a lorg a shonrú go réalaíoch agus a chur i láthair i gcomhréir leis an gcaiteachas iomlán. Beidh ort a léiriú go soiléir conas a chuirfidh sruthanna ioncaim eile le do chumas an togra a dhéanamh.

Ní féidir iarratas a dhéanamh ach ar shraith amháin i mbabhta amháin ar bith. Ní mór duit an tsraith ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat a chur in iúl go soiléir i gcuid 1.4 den fhoirm iarratais.

Chomh maith leis na gnáth-theorainneacha a luaitear thusa, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon breithniú ar chostais a bhaineann go sainiúil le cruthú saothair ag ealaíontóirí faoi mhíchumas. Más mian leat cur isteach ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba chóir duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ag sonrú na gcostas breise sin.

Cé mhéad maoinithe ar féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Agus tú ag cur isteach ar mhaoiniú i gcomhair Dámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta, ní mór duit buiséad mionsonraithe a chur isteach ag liostú gach mír ioncaim agus an caiteachas a bhaineann le do thogra beartaithe.

Is ionann an t-uasmhéid maoinithe is féidir leat a iarraidh agus an difríocht idir an **caiteachas beartaithe** agus an **t-ioncam beartaithe** a shonraíonn tú sa bhuiséad.

- Ba chóir go n-áireofaí leis an gcaiteachas beartaithe táillí, pá, costais theicniúla, costais mhargaíochta agus phoiblíochta, costais riarracháin, etc., agus mar sin de
- Ba chóir go n-áireofaí leis an ioncam beartaithe an méid airgid a shíleann tú a gheofar ó mhaoinitheoirí eile, fáltais ó dhíol ticéad, díolacháin chlár, agus araile.

Is tábhachtach freisin gach tacáiocht chomhchineáil a léiriú san ioncam agus sa chaiteachas araoí Chun fíorluach agus luach iomlán do thogra a chur in iúl.

| | |
|---|--|
| Nóta i dtaoibh tacáiocht chomhchineáil | Má tá tú ag súil le tacáiocht chomhchineáil a fháil, is gá duit luach airgeadais a chur uirthi ionas go mbeidh an ranníocaíocht a dhéanann sí le fíorluach do thogra soiléir. Ba chóir duit caitheamh le tacáiocht chomhchineáil mar chaiteachas agus mar ioncam araoí: pé méid a dhearbháinn tú ar thaobh an chaiteachais, ba chóir duit é a dhearbhú freisin ar thaobh an ioncaim. Ní féidir am a thugann na stiúrthóirí nó comhaltaí boird a áireamh mar chostas comhchineáil. |
|---|--|

Iarrtar ort an t-ioncam, an caiteachas agus an méid atá á iarraidh agat a shonrú ag trí chéim le linn d'iarratais:

- Ar an mbuiséad mionsonraithe a chuireann tú isteach mar chuid d'iarratas
- Ar líne, nuair a chuirfidh tú túis leis an iarratas (na figiúirí iomlána amháin)
- I gcuid 3 den fhoirm iarratais.

Cinntigh go bhfuil na figiúirí iomlána mar an gcéanna sna trí chás agus cinntigh gurb ionann an méid atá á iarraidh agus CAITEACHAS IOMLÁN lúide IONCAM IOMLÁN.

1.6 Cad nach féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Ní fhéadfaidh tú cur isteach ar níos mó ná dámhachtain tionscadail amháin in aon réimse ealaíne nó in aon chleachtas ealaíon amháin, in aon bhabhta maoinithe amháin. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nach féidir leis an aon iarratasóir amháin iarratas a chur isteach ar Dhámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta agus ar Dhámhachtain do Thionscadal Téatair in aon bhabhta amháin. I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas nach féidir leat cur isteach orthu, tá siad seo a leanas:

- Mórcheannacháin chaipitiúla
- Príomhchostais leanúnacha
- Gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana

- Gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó arna feidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit eile, amhail Cultúr Éireann
- Gníomhaíochtaí atá thart nó a thosófar roimh an 1 Eanáir 2017
- Gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, le páirt a ghlacadh i gcomórtas, le haghaidh lucht éisteachta a bheidh príobháideach amháin, a bheidh príobháideach den chuid is mó nó a bheidh i láthair trí chuireadh amháin, nó a bheidh ar siúl go príomha chun brabús a dhéanamh
- Gníomhaíochtaí atá measúnaithe cheana ag an gComhairle Ealaíon, ach amháin má mhol an Chomhairle Ealaíon duit go sonrach d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo; cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh le d'iarratas
- Tionscadail nach bhfuil i gceist leo ach camchuaireart léiriúcháin atá ann cheana féin.

1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?

Mar aon le d'fhoirm iarratais, agus ar leithligh uaithi, le bheith incháilithe le haghaidh measúnú faoin Dámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta, **caithfidh** tú an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach ar líne:

- Buiséad mionsonraithe ina leagtar amach an t-ioncam agus an caiteachas a bheartaítear don tionscadal; ba chóir go gcuimseodh sé sin na rátaí pá a bheartaítear don fhoireann uile a bheidh páirteach ann, agus iad réaláioch agus i gcomhréir le leibhéal na taithí gairmiúla atá ag na cleachtóirí
- CVanna mionsonraithe atá cothrom le dáta (trí leathanach ar a mhéad) de chuid na n-ealaíontóirí uile atá páirteach sa tionscadal a bheartaítear
- Taifid fuaimé agus/nó comhaid físe a léiríonn saothair a rinne na príomhealaíontóirí le déanaí
- Fianaise ar aon tacaíocht airgeadais nó urraíocht a shonraítear sa bhuiséad tionscadail – mar shampla, meabhrán tuisceana, litir thairisceana, ráiteas tacaíochta, nó a leithéid de cháipéis
- Litir/doiciméadúchán tacaíochta ó aon eagraíocht compháirtíochta nó ó dhaoine aonair
- Má tá scóir cheoil á gcur isteach chun tacú le hiarratas, ba chóir iad sin a chur i láthair i bhformáid chaighdeánach leictreonach (amhail PDF).

Má tá obair le leanaí nó le daoine óga oíche mbliana déag d'aois, nó saothar a chur i láthair an aoisghráupa seo, i gceist le do thogra, ní mór duit cóip de do cháipéis *Beartas um Chosaint agus Leas Leanaí* a chur isteach le d'iarratas. Ní mór duit a chinntíú gur forbraíodh do bheartas agus nósanna imeachta i gcomhar le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* agus go dtagann siad leis na prionsabail atá ansin. Tá tuilleadh eolais ar www.tusla.ie.

Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip den cháipéis *Beartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe* de do chuid a chur ar fáil.

Measfar nach mbeidh d'iarratas incháilithe mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta riachtanach isteach.

Ábhar tacaíochta roghnach

Sa mhullach ar an ábhar tacaíochta riachtanach a luaitear thuas, féadfaidh tú aon ábhar eile a chur isteach a mheasann tú atá ábhartha faoi choinne d'iarratais.

An fhormáid le haghaidh ábhar tacaíochta

Ní mór gach ábhar tacaíochta don Dámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta a chur isteach ar líne. Ní ghlaçfar le hábhar tacaíochta i gcrúachóip. Lean na treoirínta seo le haghaidh na gcineálacha éagsúla ábhar tacaíochta.

Cuir faisnéis chomhthéacsúil san áireamh le haghaidh gach ábhair tacaíochta i dtéacschomhad atá lipéadaithe go soiléir.

| | |
|---------------------|--|
| Comhaid físe | Maidir le comhaid físe ar bith a chuireann tú isteach, ní mór duit an fhaisnéis chomhthéacsúil ábhartha a chur ar fáil. D'fhéadfadh sonraí a bheith i gceist leis sin faothar, cá huair a léiríodh nó cá háit ar léiríodh é, tráchtareacht ar théama an tsaothair nó tráchtareacht ghnearálta, ainm na dtaibheoirí, agus conas a maoiniódh an saothar (e.g. dámhachtain, féinmhaoiniú). Níor chóir go mbeadh na sleachta níos faide ná trí nóiméad agus níor chóir níos mó ná trí shliocht a chur isteach. |
| Taifeadtaí | Áirigh ainmneacha taibheoirí agus tabhair sonraí ionstraimíochta más iomchuí. |

ceoil/fuaime

Cuir teidil chruinn ar na comhaid fuaime trí úsáid a bhaint as an gcoinbhinsiún ainmníochta seo a leanas:
Cumadóir(i) – taibheoir(i)/ensemble – ainm an fhuaimriain

2. D'iarratas a dhéanamh

2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (tríd an bpost, ar fhacs nó ar an ríomhphost).

Ní mór duit cuntas Seirbhísí ar Líne a bheith agat chun iarratas a dhéanamh. Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo:

<https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge>.

Laistigh de chuíg lá oibre seolfar UTE (uimhir thagartha ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal chugat (i ríomhphost), agus beidh tú in ann úsáid a bhaint astu chun logál isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí Idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na seirbhísí ar líne duit:

| | |
|-----|---|
| PC | Windows 7 nó níos déanaí le Internet Explorer 8.0 nó níos déanaí NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 33 nó níos déanaí |
| Mac | Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí le Safari 3.1 nó níos déanaí NÓ Firefox 27 nó níos déanaí nó Chrome 32 nó níos déanaí |

Tabhair faoi deara: Ní mór duit Microsoft Word nó OpenOffice Writer a bheith agat ar do ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais a chomhlánú. Bogearrái saor in aisce é OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil ó <http://openoffice.org>. Ní mór duit leagan OpenOffice Writer 4.0.1 nó níos lualithe a úsáid.

Murar féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeannta tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú

Ba chóir duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spriocdháta agus sula dtosaíonn tú ag ullmhú iarratais. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spriocdháta. Ba chóir duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

Tacaíocht theicniúil

Má bhíonn tacáocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie nó trí ghlaoch a chur ar 01 6180200. Molaimid duit aon deacrashtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spriocdháta.

Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileálaímid le fiosruithe ar bhonn túis freastail ar an gceann is túisce.

Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spriocdháta agus go mb'fhéidir nach réiteofar glaonna i dtaobh tacáocht theicniúil a gheofar tar éis 2.30pm ar an dáta deiridh roimh an spriocdháta.

2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Mura bhfuil sé seo déanta agat cheana féin, íoslódáil an fhoirm iarratais don dámhachtain ar mian leat iarratas a dhéanamh uirthi. Is cáipéis atá comhoiriúnach le Microsoft Word/OpenOffice Writer í an fhoirm iarratais, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

Do chás a chur i láthair

Chun an cás is fearr a chur i láthair maidir le céin fáth ar chóir duit dámhachtain a fháil, ba chóir duit breithniú an-chúramach a dhéanamh ar cad a chuirfidh tú san áireamh sna codanna seo a leanas den fhoirm iarratais:

| | |
|--|--|
| 2.2 Achoimre ar do thogra | Déan achoimre ar do thogra (suas le trí phointe ghearra). Má éirionn le d'iarratas, foilseofar an achoimre seo ar na leathanaigh Cé atá Maoinithe againn ar shuíomh gréasán na Comhairle Ealaón; ar an ábhar sin, ba chóir duit a mheabhrú go bhféadfad níos mó daoine ná measúnóirí na Comhairle Ealaón an méid a scríobhann tú a léamh. |
| 2.3 Sonraí faoi do thogra | Beidh an méid a scríobhfaidh tú anseo ina chuid lárnoch de do thogra, agus ba chóir go gcabhródh sé leis na daoine a mbeidh baint acu le measúnú a dhéanamh ar d'iarratas tuiscant a fháil ar an rud is mian leat a dhéanamh, céin chaoi agus céin fáth. Tá sé tábhachtach gnéithe ealaíonta agus praiticiúla araon de do thogra a chlúdach. Ba chóir go gcuimseofaí ann mionsonraí faoi na baill foirne is mó a bheidh páirteach ann, faoi do chuid spriocanna agus uaillmhianta ealaíonta sa mhór-chomhthéacs ina bhfuil tú ag déanamh an togra, agus aon fhaisnéis eile a mheasann tú a bheith ábhartha. Ba chóir go gcuimseofaí ina theannta sin sonraí praiticiúla amhail sceidil, eolas ar phríomh-chomhpháirtithe, agus aon sonraí riarracháin, teicniúla nó airgeadais eile atá ábhartha i do thuairim. |
| 2.4 D'iarratas agus na critéir mheasúnaithe | Déan cur síos ar an dóigh a gcomhlíonann d'iarratas gach ceann de na critéir mheasúnaithe do Dhámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta – feic 3.3 Critéir maidir le measúnú na n-iarratas |

2.3 Uilmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur isteach mar chuid de d'iarratas – feic **1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?**

Ní mór gach ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne cé is moite de scóir cheoil. Mar sin ní mór duit, más gá, ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

Na formáidí comhaid a nglactar leo

Liostaítear sa tábla seo a leanas na formáidí comhaid a nglactar leo mar chuid d'iarratas ar Dhámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta.

| Cineál comhaid | larmhír comhadainm |
|------------------------------|----------------------|
| téacschomhaid | .rtf/.doc/.docx/.txt |
| comhaid íomhá | .jpg/.gif/.tiff/.png |
| comhaid fuaimé | .wav/.mp3/.m4a |
| comhaid físe | .avi/.mov/.mp4 |
| scarbhileoga | .xls/.xlsx |
| Comhaid Adobe Acrobat Reader | .pdf |

Ar mhaithé le háisiúlacht, bailigh le chéile na comhaid go léir a theastóidh uait in áit inrochtana ar do ríomhaire.

Naisc YouTube a chur isteach

Féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar YouTube (www.youtube.com) seachas an t-ábhar a uaslódáil go díreach. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh ionlán na háite ina bhfuil d'ábhar á óstáil ar YouTube) isteach i gcáipéis Microsoft Word nó OpenOffice Writer agus uaslódáil í mar cháipéis tacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin.

Tabhair faoi deara: Níor mhór go mbeadh aon nasc a chuireann tú ar fáil á óstáil ar YouTube. Ní fhéachfar ar naisc le suíomhanna eile óstála.

Seiceáil go n-oibríonn an nasc ó laistigh den cháipéis a uaslódálfaidh tú – is é sin le rá, go nascann sé i gceart le d'ábhar ar YouTube.

Mura mian leat go mbeadh ábhar a uaslódálann tú chuig YouTube chun críocha d'iarratais le feiceáil go poiblí, féadfaidh tú d'fhíseán a ainmniú mar cheann 'neamhliostaithe' sna socruithe.

Comhaid a ainmniú go cuí

Maidir le gach comhad a bhfuil sé ar intinn agat é a uaslódáil, tabhair comhadainm air a léiríonn go soiléir cad atá ann nó cad a léirítéar leis. Mar shampla, ba chóir go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa cháipéis.

Cuir ábhair ealaíonta agus cáipéisí tacaíochta eile (lena n-áirítéar an buiséad agus CVanna) isteach i gcomhaid ar leith atá ainmnithe go cuí.

| | |
|-------------------|--|
| Ainmneacha maithe | russelljack iarratas ar Thionscadal Ceoldrámaíochta.doc |
| le tabhairt ar | russelljack gearrthóg léirithe.mp4 |
| chomhaid i gcás | russelljack teimpléad buiséid do Thionscadal Ceoldrámaíochta.doc |
| iarratasóra darb | russelljack Beartas um Chosaint Leanaí.doc |
| ainm Jack Russell | russelljack nasc youtube.doc |

Is é **40 MB** an t-uasmhéid ionlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáltear le hiarratas amháin.

2.4 D'iarratas a dhéanamh ar líne

Chun d'iarratas a chur isteach ar líne, ní mór duit dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus é a leasú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach é

1. Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil an fhoirm iarratais

Chun tú a chur le hiarratas nua, cliceáil ar an gcnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár cuí maoinithe a roghnú agus chun uimhir uathúil thagartha a thabhairt do d'iarratas, trína n-aithneofar é. Ag an gcéim seo, is féidir leat an fhoirm iarratais a íoslódáil freisin (mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin).

2. Iarr méid an mhaoinithe

Ag an gcéim seo, sonraigh an caiteachas agus an t-ioncam a bhaineann le do thogra, agus méid an mhaoinithe atá á iarraidh agat. Ba chóir gurb ionann an méid a iarrtar agus **caiteachas ionlán** lúide **ioncam ionlán**. Ba chóir go mbeadh na figiúirí deiridh a iontrálann tú anseo díreach cosúil leo siúd a iontrálann tú i gcuid 3 den fhoirm iarratais agus i do bhuiséad mionsonraithe.

3. Uaslódáil an fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta

Lean na leideanna chun d'fhoirm iarratais atá comhlánaithe agus sábháilte, CVanna agus aon ábhar tacaíochta riachtanach eile a uaslódáil (feic **1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?** ar leathanach 5). Ní gá duit gach rud a uaslódáil ag an am céanna. Is féidir leat d'iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí.

4. Seol an t-iarratas

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil gach rud atá de dhíth chun tacú le d'iarratas uaslódáilte agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Ní féidir an t-iarratas a athrú tar éis é a chur isteach. Ná cuir an t-iarratas isteach go dtí go mbeidh tú ionlán sásta leis.

Ba chóir a bheith ag súil le dhá ríomhphost a fháil. Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d'iarratas. D'fhéadfá an dara ceann a fháil cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus uimhir d'iarratais ann a úsáidfear ar gach comhfhereagras a bhainfidh leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara:** Tá sé tábhachtach go rachfá i dteaghmáil le onlineservices@arts council.ie mura bhfaigheann tú an dara ríomhphost deimhnithe ar a mbeidh uimhir an iarratais.

3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

3.1 Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaón gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntí go bhfuil córas cothrom tréadhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh.

3.2 An próiseas measúnaithe

Déanann an Chomhairle Ealaón gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

- 1 Déantar an t-iarratas a admháil.
- 2 Déantar seic ar inghlacthacht an iarratais – cuirtear gach iarratas inghlactha ar aghaidh chug an gcéim mheasúnaithe
- 3 Déanann comhairleoir(i) agus/nó an fhoireann measúnú scríofa ar an iarratas
- 4 Molann comhairleoir(i) agus/nó an fhoireann ar chóir iarratas a chur ar an ngearrliosta nó nár chóir
- 5 Déanann an painéal piaraí athbhreithniú ar na hiarratais go léir ar an ngearrliosta, ar an ábhar gaolmhar, ansin tugann sé scóir agus déantar cinntí
- 6 Cuirtear na cinntí in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn.
- 7 Déanann an Chomhairle nota de na cinntí.

Achar ama

Déanann an Chomhairle Ealaón dianiarracht iarratais a mheasúnú chomh tapa agus is féidir ach mar gheall ar líon na n-iarratas agus ar an bpróiseas dianmheasúnaithe, tóigfaidh sé suas le dhá sheachtain déag ón spriocdháta go dtí go ndéanfar an cinneadh.

3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déantar iarratais a mheasúnú i gcomhthéacs iomaíoch agus cuirtear an fhoirm iarratais agus na hábhair thacaíochta san áireamh. Déantar measúnú ar gach iarratas i gcoinne na gritéar seo a leanas: **a)** fiúntas ealaíne, **b)** an chaoi a gcomhlíonann siad cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana, agus **c)** indéantacht. Cuirtear síos ar gach ceann de na critéir sin thíos.

Cé go bhféadfadh iarratasóirí foirmeacha ealaíne/cleachtais ealaíon eile a roghnú atá ábhartha dá n-iarratas, déanfaidh an fhoireann atá freagrach as an bpriomhfhóirm ealaíne roghnaithe an measúnú agus d'fhéadfaidís síud, i gcásanna áirithe, measúnú tánaisteach a iarraidh ar fhoireann eile.

Fiúntas ealaíne

Díritear le measúnú ar an bhfiúntas ealaíne ar an iarratasóir agus orthu siúd atá bainteach leis an tionscadal chomh maith le nádúr na gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe, agus tharlódh go n-áireofaí leis, i measc eile, breathnú ar an méid seo a leanas:

- Caighdeán an smaoinimh agus na gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe
- Cuntas teiste an iarratasóra agus an phearsanra ealaíonta a bhfuil baint acu leis an tionscadal faoi mar a thaispeántar é ina CVanna agus san ábhar tacáiochta eile a cuireadh isteach
- Acmhainn an iarratasóra agus an phearsanra ealaíonta de réir mar atá léirithe san fhoirm iarratais agus san ábhar tacáiochta a cuireadh isteach
- An uaillmhian, an úrnuacht agus an inniúlacht a léirítear sa togra
- An chaoi a léirítear nuálaíocht, triail agus comhoibriú san iarratas.

Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh

Déantar iarratais a mheasúnú de réir a fheabhas a eiríonn leo cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh – feic **1.2 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana** le tuilleadh sonrai a fháil.

Indéantacht

Breathnaítear sa mheasúnú indéantachta ar an gcumas a léiríonn an t-iarratasóir an ghníomhaíocht atá beartaithe a chomhlíonadh. Áirítear air sin breathnú ar na nithe seo a leanas:

- Cuntas teiste an phearsanra a bhfuil baint acu leis an tionscadal a bhainistiú, a ri, agus a sholáthar
- A mhéid a léiríonn an t-iarratasóir go bhfuil coinníollacha agus luach saothair cothrom á soláthar do na healaíontóirí rannpháirteacha
- A mhéid is atá compháirtithe tionscadail aitheanta páirteach nó tiomanta
- An buiséad atá beartaithe
- Foinsí eile ioncaim
- Acmhainní eile atá ar fáil agus an teacht atá orthu
- An clár ama nó an sceideal atá beartaithe.

3.4 Painéal piaraí

Is é cuspóir chruinnithe an phainéis piaraí ná éagsúlacht tuairimí saineolacha a cheadú chun fainseis a chur ar fáil don phróiseas cinnteoireachta. De ghnáth cuimsíonn painéis phiaraí triúr moltóirí seachtracha ar a laghad a bhfuil saineolas ábhartha acu ar an bhfoirm ealaíne agus/nó ar an gcleachtas ealaíon.

Bíonn comhalta de chuid na Comhairle Ealaíon i gceannas ar gach cruinní de ghnáth agus gníomhaíonn an comhalta sin mar chathaoirleach gan ceart vótala. Freastalaíonn comhairleoirí agus foireann na Comhairle Ealaíon ar na cruinnithe de réir mar is gá, agus bíonn na daoine a raibh baint acu le measúnú tosaigh na n-iarratas ar fáil chun fainseis a sholáthar, de réir mar is gá. Beidh rochtain iomlán ag lucht an phainéis ar gach iarratas ar an ngearrliosta agus ar an ábhar gaolmhar go léir lá roimh an gcruiinní, tráth a ndéanann siad na hiarratais ar an ngearrliosta a athbhreithniú, a phlé agus a scóráil. Ina dhiaidh sin, déantar iarratais a rangú de réir scór. Mar thoradh ar an gcomhthéacs iomaíoch agus ar an mbuiséad atá ar fáil, is dóigh nach mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann ach líon beag de na hiarratais a gheofar a mhaoiniú.

Próiseas Scórála

Iarrtar ar an bpainéal na hiarratais a scóráil de réir an chórais seo a leanas:

- A – Caithfear a Mhaoiniú (10 bpointe): dar leis an gcomhalta painéis gur comhlíonadh na critéir go léir san iarratas le haghaidh na dámhachtana agus go bhfuil maoiniú tuillte aige ar an mbonn sin, an méid a iarradh más féidir.
- B – Ba Chóir a Mhaoiniú (8 bpointe): dar leis an gcomhalta painéis gur comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige má tá acmhainní ar fáil.
- C – D’fhéadfaí a Mhaoiniú (5 phointe): dar leis an gcomhalta painéis gur comhlíonadh na critéir san iarratas, ach ní an oiread sin leis na hiarratais eile ó thaobh iomaíochta de.
- D – Ní Tosaíocht É (2 phointe): dar leis an gcomhalta painéis nár comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige.

Dearbhú leasa

D’fhoínn cothroime agus cothromas sa chinnteoireacht a chinntí, ní mór do chomhaltaí painéis leas a dhearbhú má tá dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu le hiarratasóir nó má tá baint acu ar shlí ar bith leis an iarratas. Féadann ‘leas’ a bheith ina ‘leas airgid’ nó ina ‘leas neamhairgid’ (e.g. gaol muintire, compháirtíochtaí pearsanta, nó compháirtíochtaí gnó idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, etc.)

Ní mór an leas a dhearbhú a luaithe agus is eol don chomhalta painéis é. D’fhéadfadh sé sin tarlú nuair a iarrtar air/uirthi suí ar an bpainéal (más eol an ‘leas’ ag an bpointe sin) nó tar éis liosta na n-iarratasóirí a fháil. I gcás go ndearbhaítear leas, ní bhfaighidh an comhalta painéis sin páipéir a bhaineann leis an iarratas sin agus beidh air nó uirthi an seomra a fhágáil nuair a bhíonn an t-iarratas ar leith á athbhreithniú. Nuair a thagann an cás sin aníos, vótálfaidh an Cathaoirleach in ionad an chomhalta painéis.

I roinnt cásanna b’fhéidir nach dtuigfeadh comhalta painéis go bhfuil coinbhleacht leasa ann go dtí go bhfaigheann sé/sí na páipéir phainéis chun iad a athbhreithniú. I gcásanna den sórt sin ní mór don chomhalta painéis ball foirne den Chomhairle Ealaíon nó Cathaoirleach an phainéis a chur ar an eolas chomh luath agus a thuigeann sé/sí go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist.

Sa chás go gcuireann beirt ón bpainéal in iúl go bhfuil coinbhleacht leasa acu i leith aon iarratais amháin, beidh an cathaoirleach páirteach mar chuid den phróiseas cinnteoireachta i gcás an iarratais shonraigh sin.

Má tá coinbhleacht leasa ag Cathaoirleach ainmnithe an phainéil, ní mór dó/di é sin a dhearbhú a luaithe agus is eol dó/di go bhfuil a leithéid ann agus an fógra sin a thabhairt i scríbhinn roimh an gcruiinniú. Sa chás sin, beidh an Ceann Foirne mar chathaoirleach ar an bplé a dhéanfar maidir leis an íarratas a bhfuil coinbhleacht leasa i gceist leis.

3.5 Toradh na n-íarratas

Cuirtear gach íarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh a n-íarratas.

Má éiríonn le d'íarratas, cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrófar méid an mhaoinithe a bhronnfar ort agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Inseofar duit freisin conas do dhámhachtain a tharraingt anuas.

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór íarratas, agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacomhainní a bhíonn ar fáil. Mura n-éireoidh le d'íarratas, is féidir leat aiseolas a iarraidh ar fhoireann na Comhairle Ealaíon. Níl aon ghealltanás ann go mbronntar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta íarratais amháin.

Níl íarratasóirí nach n-éireoidh leo incháilthe chun íarratas a dhéanamh ar dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon le tabhairt faoin ghníomhaíocht chéanna. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile is féidir eisceacht a dhéanamh. I gcás dá leithéid, cuirfear é sin in iúl duit i scríbhinn.

Achomhairc

Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Ealaíon, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórách iad nár cloíodh leo. Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an bpróiseas achomhairc ar <http://www.artscouncil.ie/ga/Maoiniu/Achomhairc/>, nó téigh i dteaghmáil leis an gComhairle Ealaíon chun cóip a fháil den bhileog faisnéise faoin bpróiseas achomhairc.